



Roicéid Luchóige

Cruthaigh do theilgeoir roicéad luchóige féin.





Scan an cód mearfhreagartha le féachaint ar an mbealach chun roicéid luchóige a chruthú.

Tá treoracha céim ar chéim agus teimpléad thíos freisin.

1. Faigh 3 bhuidéal ar mhéideanna éagsúla.
2. Déan tuar m.sh. Sílim go rachaidh x an t-achar is faide mar ...
3. Scríobh síos smaointe chun tomhas a dhéanamh m.sh., coinnigh an luchóg in aice le rialóir méadar, greamaigh píosa beag páipéir ar an mballa chun an airde a rachaidh an luchóg a léiriú, caith é trasna an urláir (buidéal 45°) – is féidir 'graf urláir' a chruthú.
4. Roghnaigh modh comparáide/tomhais ansin déan iarracht buidéal éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile arís m.sh., déan iarracht tomhas a dhéanamh i ngrúpaí de thriúr nó déan comórtas ranga trí na luchóga a chaitheamh trasna an urláir.
5. Breathnaigh cé acu luchóg a thaistealaíonn an t-achar is faide.
6. Mínigh cén chaoi a raibh a fhios agat cé acu a thaistealódh an t-achar is faide.

Ceisteanna a chabhróidh leat smaoineamh:

- Cén luchóg a thaistil an t-achar is faide?
- Cén chaoi a raibh a fhios agat cé acu a thaistealódh an t-achar is faide?
- Conas a thomhaisfidh tú a fhaide/airde a rachaidh an luchóg?
- An rachaidh sí an fad sin gach uair?
- Cad é a tharlóidh má bhainimid triail as buidéal/luchóg eile?
- Conas is féidir cur leis an bhfad a thaistealóidh an luchóg?



Foinse na n-fomhánna: Grúpa Músaem Eolaíochta
<https://learning.sciencemuseumgroup.org.uk/wp-content/uploads/2019/02/SMG-Learning-Activities-Rocket-Mice.pdf>

Údar: Mairéad Holden & Lorraine Harbison
Aistritheoir: Néamhann Ní Dhonghaile
Tasc arna chur in oiriúint ó TAPS le caoinchead






Treoracha: Conas roicéid luchóige a chruthú



1. Gearr amach teimpléad feadh na líne poncanna.
2. Déan cruth cóin de. Is é seo do roicéad.
3. Maisigh an roicéad cibé bealach is mian leat.
4. Anois cuir ar bharr buidéal plaisteach é.



5. Brúigh taobhanna an bhuidéil chun an roicéad a theilgean san aer.



Foinse na n-íomhánna: Grúpa Músaem Eolaíochta
<https://learning.sciencemuseumgroup.org.uk/wp-content/uploads/2019/02/SMG-Learning-Activities-Rocket-Mice.pdf>